

☘ An Lúibín ☘

21 Deireadh Fómhair 2020

Laige agus neart

Irish survives for various reasons. In Ireland it has lost relevance for many, but retains a hold on the imagination of some. Elsewhere it is used by a tiny minority. The critical mass is small, but vital.

Ní deacair teacht ar dhaoine a chreideann fós go bhfuil an Ghaeilge chomh lag sin go bhfuil an bás i ndán di. Tá timpeall 20,500 cainteoir laethúil sa Ghaeltacht ach tá a bhformhór os cionn daichead bliain d'aois agus cuid acu i bhfad níos sine. Tá 53,000 cainteoir laethúil lasmuigh den Ghaeltacht ach is beag an céatadán de dhaonra na Poblachta iad, daonra cúig mhilliún duine.

Tháingamar ar alt le Neasa Schukat, scoláire óg ó Ghaillimh, ar Eustory History Campus, suíomh a ligeann do scoláirí dá leithéid cur síos ar cheisteanna teanga agus dúchais. Is é teideal an ailt 'Irish Language: Deep-Rooted or Force-Fed?' (féach <https://historycampus.org/2020/irish-language-deep-rooted-or-force-fed/>). Níl sé bunaithe ar thaighde domhan, ach tá sé ag teacht le tuairiscí eile agus tá blas deas pearsanta air. Chuaigh Neasa chun cainte le triúr daoine óga, beirt acu ina gcainteoirí líofa agus duine eile (Hannah) gan líofacht ar bith. Le Gaeilge a tógadh an bheirt líofa, agus dúirt siad gur chuid thábhachtach dá saol í. A mhalairt de thuairim a bhí ag Hannah:

The Irish language does not hold a huge amount of importance for me personally. I understand that it is a significant part of Irish history and people believe it is important to cherish its role in our culture. However, as it is a largely dead language today, and because it is of practically no use, I would have no problem seeing it dying out completely. Also, as I have 100% Irish roots, I do not need the Irish language to find my identity.

Tá Gaeilgeoirí ann a spréachfadh agus an méid sin léite acu. I ndáiríre, ní deacair dearcadh mo dhuine a thuiscint. Teanga stairiúil an Ghaeilge ach ar éigean atá sí beo sa réimse poiblí, agus is beag baint atá aici le féiniúlacht an ghnáth-Éireannaigh. Tá mionlach ann a bhaineann sásamh pearsanta aisti agus a bhainfidh choíche, ach thiocthadh roinnt mhór de chosmhuintir na tíre le tuairim mo dhuine. Ar éigean atá an Ghaeilge le fáil sna cúirteanna, sa státchóras, i gcúrsaí an lae. Tá cuimhne uirthi mar ábhar leadránach scoile, cé go bhfuil meas uirthi mar rud stairiúil.

Bhí rud eile le rá ag Hannah faoi scéal úd agus an bheirt líofa ar aon intinn léi.

I believe that the structure of Irish as a subject, particularly in the Senior Cycle (final two years of secondary school), is completely useless. In my opinion, it is in need of a massive modification. I strongly feel that if Irish is to remain a compulsory subject in school, the way it is taught needs to be completely changed. If this does not happen, the future of the Irish language may be very grim. It should be taught much more through conversation rather than through rote learning of poetry and essays.

Tuairim choitianta í sin, agus dealraíonn sé go bhfuil na húdaráis oideachais ag smaoineamh ar bheart a dhéanamh dá réir, luath nó mall. Idir an dá linn, beidh an Ghaeilge ar na teangacha is measa a mhúintear san Aontas Eorpach.

Is léir go bhfuil cos i dtaca ag an teanga sna cathracha agus cainteoirí ann a fáisceadh as scoileanna lán-Ghaeilge agus fiú as scoileanna lán-Bhéarla, ach níor tháinig aon fhás mór orthu le tamall anuas. A bparóiste cúng féin acu agus iad ag amhras ar na diabhail máguaird a bhfuil olc acu don teanga. Is measa fós, b'fhéidir, an neamhshuim atá ag saol an Bhéarla sa pharóiste úd. Mura raibh tacaíocht éigin, dá shuaráí í, á tabhairt ag an Stát don teanga, bheadh an Ghaeilge i bpráinn i ndáiríre. Airteagal 8 sa Bhunreacht, Coimisinéir Teanga, deontais d'fhoisitheoirí, fiú na Gaeilge éigeantaí.

Is minic a fhógraítear (agus é maíte ag *An Lúibín* féin) go bhfuil slánú na Gaeilge le fáil sna cathracha agus a laige atá sí sa Ghaeltacht oifigiúil (na cainteoirí is líofa ag dul in aois, daoine óga ag tréigean na teanga agus na tuaithe). Más slánú é, tá a lán le déanamh fós. Baineann Gaeilgeoirí na Poblachta sólas as an mBunreacht, as an rómánsachas, agus as a ndearcadh féin ar an dúchas, cé go bhfuil cúpla rud le foghlaim acu ó dhúthracht agus ó sheiftiúlacht Ghaeilgeoirí an Tuaiscirt. Ach más taistealaí ón iasacht thú, ní bheidh súil agat le Gaeilge a chloistéal mar a bheadh súil agat le Sualainnis sa tSualainn nó le hEastóinis san Eastóin.

Is beag ar fad an líon Gaeilgeoirí a gheofá i dtíortha eile, fiú agus méadú ag teacht ar a líon. Is fíor gur deacair teacht ar fhigiúirí cruinne maidir leis an líon sin, ach níl fianaise ann gur slua atá i gceist, beag nó mór. Bailíonn timpeall seasca duine le chéile gach bliain san Astráil chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge i gcuideachta a chéile, agus is dócha go bhfuil daoine eile ansiúd is anseo atá ag foghlaim na teanga leo féin nó a dhéanann iarracht ar an meirg a bhaint den mhéid Gaeilge a thug siad leo ó Éirinn. Is féidir Gaeilgeoirí na tíre a roinnt ina dtrí dhream: Astrálaigh ó dhúchas; Éireannaigh atá ina gcónaí ann leis na blianta fada; Éireannaigh nach bhfuil ann chomh fada sin agus a fhillfidh abhaile, b'fhéidir. Is minic nach bhfuil aithne acu ar a chéile, agus is beag iarracht a dhéantar ar an scéal a réiteach.

Is ait an rud é go bhfuil an Ghaeilge fós ann. Tá baint ag an scéal le hidé-eolaíocht chultúrtha, le sinsearach, le sásamh pearsanta, le spéis i dteangacha. Fanfaidh an Béarla i réim in Éirinn ach ní rachaidh an teanga eile as amharc: beidh sí beo i measc an chuid is oilte den phobal cathrach. 'Scothroghnachas,' a déarfá. Ach fágann sin gur fiú baill de gach sóisialta a mhealladh, d'ainneoin neamhinniúlacht an stáit. Dá laghad é líon na gcainteoirí, tá teallach criticiúil bainte amach.



Ann Fanshawe in Éirinn

The memoirist Lady Ann Fanshawe was born in England in 1625 and died there in 1680. She was the wife of Sir Richard Fanshawe, poet and diplomat, and Ireland was among the countries they visited. Her descriptions (including an apparently supernatural visitation) are full of interest.

Údar cuimhní cinn ba ea an Banuasal Ann Fanshawe (née Harrison) (1625 – 1680). Thaobhaigh a muintir leis an Rí Séarlas I i gCogadh Cathartha Shasana, agus phós sí Sir Richard Fanshawe, file, aistritheoir agus taidhleoir. Chuaigh siad go dtí an Spáinn, an Fhrainc, an Ísiltír, Éire, agus Flóndras; fuair Richard bás sa Spáinn in 1666 agus d'fhill sí lena clann go Sasana, áit a bhfuair sí bás.

Déarfá nach raibh Éire chomh coimhthíoch ag a leithéidí is a bheadh sé céad bliain roimhe sin, ach bhí sí coimhthíoch go leor mar sin féin agus rudaí ann a threiseodh le claontuairimí an taistealaí Shasanaigh. Más ea, tá úire éigin ag roinnt le súil an strainséara. D'fhág Ann a cuimhní cinn ag a clann.



Ann Fanshawe, portráid le Cornelis Janssens van Ceulen (1644?)
Wikimedia Commons

In Éirinn d'fhan Ann agus Richard tamall ag an mBanuasal Onóra Ní Bhriain, iníon le hIarla Thuamhan, agus tugann Ann cuntas ar an sprid a nocht chuici ann.

There we stayed three nights. The first of which I was surprised by being laid in a chamber, when, about one o'clock I heard a voice that wakened me. I drew the curtain, and in the casement of the window, I saw, by the light of the moon, a woman leaning into the window, through the casement, in white, with red hair and pale and ghastly complexion: she spoke loud, and in a tone I had never heard, thrice, 'A horse'; and then, with a sigh more like the wind than breath she vanished, and to me her body looked more like a thick cloud than substance... Neither of us slept any more that night, but he [Richard] entertained me with telling me how much more these apparitions were usual in this country than in England; and we concluded the cause to be the great superstition of the Irish, and the

want of that knowing faith, which should defend them from the power of the Devil, which he exercises among them very much...

Tháinig Onóra chucu ar maidin agus dúirt:

'I wish you to have had no disturbance, for 'tis the custom of the place, that, when any of the family are dying, the shape of a woman appears in the window every night till they be dead. This woman was many ages ago got with child by the owner of this place, who murdered her in his garden and flung her into the river under the window, but truly I thought not of it when I lodged you here, it being the best room in the house.'

Ba bheag an mhoill orthu imeacht. Bhain siad cathair Luimnigh amach agus fonn orthu dul ar bord loinge ann. Thug siad a n-aghaidh ar theach ceannaí taobh amuigh de na múrtha, agus dúirt giolla go ngabhadh sé an t-aicearra leo.

We resolved to follow him, and sent our horses to stables in the suburbs: he led us all on the back side of the town, under the walls, over which the people during the plague, which was not yet quite stopped, flung out all their dung, dirt, and rags, and we walked up to the middle of our legs in them, for, being engaged, we could not get back. At last we found the house, by the master standing at the door expecting us, who said, 'You are welcome to this disconsolate city, where you now see the streets grown over with grass, once the finest little city in the world.' And indeed it is easy to think so, the buildings being uniformly built, and a very fine marketplace, and walks arched and paved by the sea-side for their merchants to walk on, and a most noble harbour.



Luimneach (an chuid is sine de)
Wikimedia Commons

Rinne cogáí na haoise sin dochar mór d'Éirinn, rud ba léir do Ann:

Here now our scene was shifted from land to sea, and we left that brave kingdom, fallen, in six or eight months, into a most miserable sad condition, as it hath been many times in most kings' reigns, God knows why! for I presume not to say; but the natives seem to me a very loving people to each other, and constantly false to all strangers [i.e. gan a bheith dílis dóibh], the Spaniards only excepted. The country exceeds in timber and sea-ports, and great plenty of fish, fowl, flesh, and, by shipping, wants no foreign commodities.

Féach

Memoirs of Lady Fanshawe: <http://www.gutenberg.org/cache/epub/6064/pg6064-images.html>



An file agus an gabha

The poet Dáibhí Ó Bruadair was one of the foremost Irish writers of the 17th century. In contrast to his formal elegies, here we have a burlesque defence of Dick Norris, a Limerick blacksmith.

Bhí Dáibhí Ó Bruadair ar fhilí móra an 17ú haois in Éirinn agus máistreacht aige ar na seanfhoirmeacha tromchúiseacha. Seo cuid dá saothar éadrom – dán a d'eascair ó chosaint sciglaochta ar ghréasaithe agus ar ghaibhne Chontae Luimnigh. Is é an gabha atá i gceist sa sliocht seo Ristead Nóiris (Dick Norris) as Drom Collachair. Tá a lán focal teicniúil ann a bhaineann le ceird na gaibhneachta agus tagairtí ann do Ghaibhne, gabha Thuatha Dé Danann, agus dá bhó dhraíochta, an Ghlas Ghaibhneann. Léiríonn na véarsaí gnáthobair an ghabha ag an am agus cuid de ghnáthshaol na ndaoine.

Tá an téacs le fáil (le haistriúchán Béarla) in *Duanaire Dháibhí Ó Bruadair, The Poems of David Ó Bruadair*, ed. John C. MacErlean (1910), The Irish Texts Society:

<https://archive.org/details/duanaireiuruada13obru/page/230/mode/2up>.

Is aige táid urraid is builg is bróinte
rígh na ngaibhne a chaip is a chóta,
aige táid a iomair is a ulaithe is a óinbhil,
a chorrachip a dhruil 's a chórdá.

Is aige atá oird agus boilg agus bróinte, caidhp agus cóta rí na ngaibhne;¹ aige atá a umair agus a theanchair agus a inneoin, a thollaire, a dhruil agus a chórdá.

Atá bís ghlaice is bís tseasaimh nó a dhó aige,
casúir laidhre is aidhle a dhóithin,
pionnsúir phearsanta is geannaire glórach,
is múlla cunnail gach gunna dár toimhseadh.

Tá bís ghlaice agus bís bhinse (nó dhá cheann) aige, casúir ladhracha agus seilfeanna a dhóthain, pionnsúir mhaisiúla agus dingire glórach, agus múnla dlúth gach gunna dár tomhaiseadh riamh.

Ailte noch ghearras gach barra le fórsa
is maoilín nach díomhaoín a dhóchas,
a chumpáís cheardcha a bhior teallaigh 's a chófra,
a shineán luatha is guail do chnósach.

Sceana a ghearrann gach barra le fórsa, agus ord maol a bhfuil neart go leor ann, a chompáís cheárta, a bhior teallaigh agus a chófra, a chiseán chun luaith agus gual a chnuasach.

Is leis ón ríghcheárd gcroidheárd gcomhachtach
butúr cúingeach chun crúb do nóscrios,
siséal nach sidéalta sómpla,
is bior cruaidh gan diombuaidh le hórdaibh.

Fuair sé ó rí calma cumhachtach na ngaibhne² scian chúinneach chun crúb a scríobadh, siséal nach gránna an eiseamláir é, agus bior cruach gan díomua i gcúrsaí gaibhneachta.

D'fhágaibh Gaibhneann adharca bó leis
chuireas fulang is fuinneamh is fóirnimh,
d'fhág a chruit 's a chríos mar chomhartha,
a réasúr céibhe 's a recórdar.

D'fhág an Ghlas Ghaibhneann adharca bó aige a chuireann fulaingt agus fuinneamh agus foighne ar fáil, d'fhág Gaibhne a chláirseach agus a chríos mar chomhartha, a rásúr agus a fhliúit Shasanach.

Is í an Ghlas Ghaibhneann ghaibhdeach ghlórbhinn
do bhuaibh Balair rug barra gach bólaigh
tug a croiceann chum bolg dom chomhursain
is d'fhág a beanna mar thaitheamh ina sheomra.

Is í an Ghlas Ghaibhneann ghaibhdeach ghlórbhinn, bó a rug bua ar gach bólacht de bha Bhalair,³ a thug a craiceann mar bholg do mo chomharsa agus a d'fhág a hadharca mar mhaise ina sheomra.

D'fhág sé a naparún seanachlúid leomhain
nach léig cathamh 'na chasal ná ceobhruith,
lán seacht saidhios go bhfeidhre treorann
is scriuipin scriosas faoi scunnabhís póirse.

D'fhág Gaibhne seanchlúdach craiceann leoin aige mar aprún nach ligfeadh caitheamh ná lobhadh ina bhrat, seacht dtomhas tairní agus péire treoracha tairní,⁴ agus scriúphionna a scriosann faoi sconnabhís póirse.⁵

¹ Rí na ngaibhne : Gaibhne.

² Gaibhne.

³ Balar, taoiseach na bhFomhórach, fathaigh scéalaíochta.

⁴ Treoir thairní: múnla chun tairní a dhéanamh.

⁵ Scriúphionna: pionna miotail a bhfuil snáithe air. Sconnabhís: gléas a ghearrann snáithe ar bholta. Is é an chiall atá leis an líne seo, b'fhéidir, pionna a bheith ann a shocraíonn doras póirse.

Ní fhuil colg ná clogad ná cóiste,
scian bheárrtha cláirseach ná cóirfhleasc,
spring i nglas ná watch i bhFlórence
nach fuil ionnar a n-innill ag Nóiris.

Níl cláiomh ná clogad ná cóiste, rásúr ná cláirseach ná bráisléad, sprionga i nglas ná uaireadóir i bhFlórans nach bhfuil ionar a n-innill ag Nóiris.

Ní fhuil adhan gan leighios i n-Eochail,
crocán ceangail ná cnagaire dóide,
coinnleoir beárnach práis nó peotair
nach fuil acmhainn a leasuighthe ar ló leis.

Níl oigheann gan deisiú in Eochail, ná corcán ceangail ná boschrann, coinnleoir bearnach práis nó péatair, nach bhfuil acmhainn a leasaithe láithreach aige.



An Timpeallacht

Micreaphlaistigh

Babies can ingest large amounts of microplastics from commonly used bottles, and vast quantities of microplastic have been found at the bottom of the sea.

Tá na micreaphlaistigh istigh agus amuigh: blúirí atá níos lú ná cúig mhiliméadar agus iad ag eascairt ó ghnáthearraí, earraí iascaireachta nó tionscail, smídeadh, coirmíní bídeacha, talmhaíocht, uisce-shaothrú, bruscar tí agus eile.

Deirtear go bhfuil leanaí Astrálacha ag ól os cionn 500 milliún píosaí plaistigh lena gcuid bainne sula bhfuil siad bliain d’aois. Na baidéil is cúis leis ach iad a bheith déanta de pholapróipiléin. Deir tuairisc eolaíoch nua go bhfuil na buidéal ag scaoileadh idir milliún agus 16 milliún blúirí de phlaisteach isteach i leanaí tar éis gur ól na leanaí sin lítear bainne fhoirmle. Níl a fhios againn fós, áfach, cén dochar a dhéanann na micreaphlaistigh do leanaí agus do dhaoine fásta.⁶

Taispeánann staidéar a rinne an CSIRO, príomhghníomhaíocht eolaíoch na hAstráile, go mb’fhéidir bhfuil a oiread is 14 milliún tonna de mhionphlaisteach ar grinneall na farraige.⁷ Seo an chéad mheastachán domhanda dá leithéid. Tugtar na micreaphlaistigh isteach san fharraige i ndraenacha uisce stoirme, le séarachas, le hiascaireacht, agus de thoradh cartadh bruscair. Is iondúil go n-itheann iasc iad.

Féadtar léiriú a dhéanamh ar an bhfadhb mar seo: cúig mhála siopadóireachta atá pulctha le plaisteach agus le fáil ar gach méadar de chósta ar fud an domhain lasmuigh den Antartach. Iad a scaoileadh isteach san fharraige ansin.

Is dóigh leis an bhFóram Eacnamaíoch Domhanda gur mó an méid plaistigh ná an méid éisc a bheidh san fharraige faoi 2050. Dúirt eolaí ón CSIRO gur beag an rud é an 14 milliún tonna de phlaisteach atá ar an ngrinneall taobh leis an méid eile atá in áiteanna eile i ngan fhios dúinn. Is dócha go bhfuil an plaisteach úd le fáil scaipthe ar na cóstaí fós.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

⁶ ‘Study shows infants are ingesting up to three million microplastics a day,’ Christiane Barro, 20/10/20, The New Daily: https://thenewdaily.com.au/news/2020/10/20/australian-babies-microplastics-study/?utm_source=Adestra&utm_medium=email&utm_campaign=Morning%20News%20-%2020201020

⁷ ‘“A confronting amount”: CSIRO study finds 14 million tonnes of plastic on ocean floor,’ Samantha Dick, The New Daily: <https://thenewdaily.com.au/news/national/2020/10/05/micro-plastics-ocean-floor/>

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Dán le Colin Ryan

I gcuimhne ar dhrochbhliain

An deannach ina mhúr aniar
ag bá na cathrach
ag fágáil dríodair i d'aigne
(machaire lán de nathracha
is d'iolair)
agus duilleoga leathfheoite
(oidhreacht na hEorpa)
ag rince i d'aigne
ag rince anonn cois bóthair